V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10813 – BLACKSTONE / CPP INVESTMENTS / ADVARRA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 287/06)

1. An 20 Iúil 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Blackstone, Inc. ("Blackstone", Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Canada Pension Plan Investment Board ("CPP Investments", Ceanada),

— Advarra Holdings, Inc. ("Advarra", Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh Blackstone agus CPP Investments rialú comhpháirteach ar appliedAI de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás Blackstone: bainisteoir domhanda sócmhainní malartacha.

— i gcás CPP Investments: eagraíocht bainistíochta infheistíochta a infheistíonn na cistí a aistrítear chuige ó Canada Pension Plan. Infheistíonn CPP Investments go príomha i gcothromais phoiblí, i gcothromais phríobháideacha, in eastát réadach, i mbonneagar agus in infheistíochtaí ioncaim sheasta.

— i gcás Advarra: soláthróir seirbhísí athbhreithnithe eiticiúil agus réiteach teicneolaíochta do chuideachtaí bhithchógaisíochta, d'eagraíochtaí taighde ar conradh agus do shuíomhanna trialach cliniciúla.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10813 – BLACKSTONE / CPP INVESTMENTS / ADVARRA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË